# Mollaí Na gCuach Ní Chuilleanáin

Ar meisce ní théim níos mó,
Braon leanna go deo ní bhlaisfidh mé,
Ó chaill mé mo chailín beag óg,
A chuireadh i mo phócaí an t-airgead.

(Curfá: )
Is fada liom uaim í, uaim í,
Is fada liom uaim í ó d'imigh sí,
Is fada liom thíos agus thuas í,
Mollaí na gcuach Ní Chuilleanáin.

Déanfaidh mé tigh ar an ard,
Is beidh ceithre ba bainne breaca agam,
Is ní ligfidh mé 'n duine dá gcomhair,
Ach Mollaí geal bhán Ní Chuilleanáin.

Curfá

Dá mbeinnse i ndeacair an bháis,
Is na daoine a rá nach dtiocfainn as,
Ní dhéanfainn mo thiomna go brách,
Go dtiocfadh Moll bhán Ní Chuilleanáin.

Curfá

Bhí mise lá ar an choill,
Is tharla dom soilse bhrádóige,
Dhéanfadh sí marbhán beo,
Nó buachaill deas óg den tseanduine.

Curfá

“To inspire, support and challenge all our Children and Young People to be the best that they can be.”

Education Authority
1 Hospital Road, Omagh, Co Tyrone, BT79 0AW
T: +44 (0)28 8241 1411 F: +44 (0)28 8241 1400 Textphone: +44 (0)28 8241 1550 W: www.eani.org.uk